



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

State Examinations Commission

Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí  
Cornamaddy, Athlone, Co. Westmeath

Teileafón: +353-90-64 42741. Facs:+353-90-647 3080. Gréasán: [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) R-phost: [orals@examinations.ie](mailto:orals@examinations.ie)

S52 /12

### An Scrúdú Gaeilge san Ardeistiméireacht 2012 Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal

#### Chuig: Údaráis na Scoileanna Dara Leibhéal

A Phríomhoide, a chara,

In imlitir S90/10 leagtar amach na hathruithe ar riar na marcanna i gcodanna áirithe den Scrúdú Gaeilge san Ardeistiméireacht (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal) a bheidh á reáchtáil ó 2012 amach. Mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh ar ghnéithe áirithe den scrúdú, cuirfear leagan amach leasaithe i bhfeidhm ar chodanna áirithe den scrúdpháipéar.

#### Socruithe don Triail Chluastuisceana

Ó 2012 amach, beidh an Triail Chluastuisceana (Ardleibhéal, Gnáthleibhéal agus Bonnleibhéal) ina cuid dhílis den scrúdú scríofa. Ós rud é go bhfuil an dlúthdhiosca do Pháipéar 1 Gaeilge Ard- agus Gnáthleibhéal ar an Luan 11ú Meitheamh i bpáirt ag an dá leibhéal, is féidir na hiarrthóirí seo a chur san ionad céanna (i ngach cás inar féidir é). Tá dlúthdhiosca an Bhonnleibhéil ar an lá céanna difriúil le dlúthdhiosca an Ghnáth- agus an Ardleibhéil agus ní mór na hiarrthóirí seo a chur in ionad ar leithligh. Is cóir d'iarrthóirí fanacht san ionad ina ndéanann siad an Triail Chluastuisceana ar feadh na trialach ar fad ós rud é nach seisiún ar leithligh atá sa Triail Chluastuisceana anois. Agus ionad á roghnú d'iarrthóirí an Bhonnleibhéil ní mór a chur san áireamh go bhfuil sé de rogha ag iarrthóirí Gnáth- agus Ardleibhéil athrú go dtí an mBonnleibhéal ar lá an scrúdaithe. Beidh ar údaráis na scoile feitheoir ar leithligh a cheapadh i leith iarrthóirí an Bhonnleibhéil Gaeilge ar an Luan 11ú Meitheamh. Is cóir ráta €6.02 in aghaidh an tseisiúin a íoc leis na feitheoirí seo i leith an scrúdaithe. D'fhonn cuid na Cluastuisceana den scrúdú a reáchtáil ar an mbealach is éifeachtúla agus is féidir, b'fhéidir go gcaithfí ionaid ar leithligh a bhunú. Ní mór do na hiarrthóirí fanacht san ionad seo go dtí go mbeidh an seisiún iomlán thart.

#### Grádú na Béaltrialach

Ina theannta sin, ní mór a mhíniú do na hiarrthóirí, sa chás gur fhreastail siad ar an mbéaltrial agus go rabhadar as láthair ó chuid amháin nó ó chodanna den scrúdú scríofa, go dtabharfar torthaí ar an nGaeilge mar ábhar agus go ndéanfar an grádú bunaithe na torthaí sealadacha agus na teastais.

Patricia Anderson  
Ardoifigeach Feidhmiúcháin  
Bealtaine 2012